



“...chun an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal ar fud fad na hÉireann.”



Foras na Gaeilge

Nuachtlitir an Fhómhair

Gaelscoil nua oscailte agus tuilleadh ar na bacáin!



Daltaí ó Ghaelscoil na Mí

Tá ábhar dóchais ann i mbliana do phobal na gaeilscolaíochta le bunscoil amháin nua-oscailte, ceann eile geallta do 2012, trí iar-bhunscoil lán-Ghaeilge ar na bacáin do 2013 agus 2014 agus cruinnithe poiblí á reáchtáil ar fud na tíre maidir le bunú scoileanna nua ag an dá leibhéal.

Bhí ceiliúradh mór ann i gCill Dhéagláin ar an 1 Meán Fómhair nuair a d'oscail Gaelscoil na Mí don chéad uair. 'Sí Gaelscoil na Mí an chéad ghaelscoil le hoscailt le haitheantas na Roinne Oideachais ó 2008 i leith agus tá Gaelscoil Ráth Tó, a bunaíodh gan aitheantas i 2010, cónasctha leis an scoil nua. Guíonn GAELSCOILEANNA TEO. gach rath ar an scoil nua, agus déanann muid comhghairdeas arís le pobail Chill Dhéagláin agus Ráth Tó agus leis an bhForas Pátrúnachta as a bhfuil bainte amach acu le bunú na scoile.

Tá sé dearbhaite ag an Roinn Oideachais go n-osclofaí Gaelscoil an Chuilinn i Mullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15 an bhliain seo chugainn. Is cúis mhór áthais sin don choiste bunaithe sa cheantar, atá i mbun

feachtais le gaeilscolaíocht a éileamh dá bpáistí ó 2008 i leith. Tá súil ag GAELSCOILEANNA TEO. go mbeidh gaelscoil eile ag oscailt i mBaile Átha Cliath 15 i 2013. Tá sé fógartha ag an Roinn go mbeidh scoil nua de dhíth sa cheantar i 2013 agus tá súil ag an bhForas gur gaelscoil faoina bpátrúnacht a bheidh ann. Chuige sin, reáchtáil an Foras Pátrúnachta cruinníú poiblí i mBaile an Chairpintéirigh le déanaí le tacaíocht an phobail a lorg do ghaelscoil nua don cheantar.

D'eagraigh an Foras Pátrúnachta cruinnithe poiblí i mBaile Chill Dara, Tamhlacht, Dúglas, Cnoc na Cathrach agus Baile an tSaoir chomh maith, mar is ceantair iad atá aitheanta ag an Roinn do bhunscoileanna nua sa tréimhse 2012-2013. Tá pátrúin eile ag iarraidh scoileanna nua a bhunú sna ceantair sin chomh maith, agus tá súil ag an Roinn cinneadh deiridh maidir le pátrúnacht na scoileanna nua a fhógairt roimh dheireadh na bliana. Tá liosta de na ceantair ar fad atá aitheanta ag an Roinn i gcomhair scoileanna nua ar lch 6.



Seán de Paor, Príomhoide Ghaelscoil Chill Dara

Próiseas Iontrála Scoileanna: Creat Rialála Nua Beartaithe

Gabhaimid buíochas mór le gach duine a chomhlánaigh an suirbhé maidir leis an bpróiseas iontrála scoileanna, a bheidh mar bhunús don aighneacht atá á ullmhú ag GAELSCOILEANNA TEO. don Roinn Oideachais agus Scileanna. Ba mhór againn cloisteáil ó aon scoil ar mian leí aiseolas a thabhairt go fóill.

Is í mian na ROS ná creat rialála a aontú mar a bhaineann leis an bpróiseas iontrála scoileanna ar mhaithe le:-

1. Comhsheasmhacht & trédhearcacht níos fearr do gach páirtí.
2. Próiseas cinnteoireachta ag leibheál an bhoird bainistíochta, a oiread agus is féidir.
3. Muinín tuismitheoirí a mhéadú.
4. Próiseas achomhairc nach bhfuil chomh trom & dúshlánach a chur ar fáil do chách.
5. Meicníocht a chur i bhfeidhm a chinnteoidh áit scoile do gach páiste sa tír.

Tá molta go bhféadfadh an tAire rialachán a dhéanamh i dtaobh iontráil daltaí i scoileanna maidir le:

- Ábhar na bpolasaithe iontrála féin (a) riachtanais a bhaineann le dréachtadh & poiblíú polasaithe; comhairliúchán le pobal na scoile, srl, (b) sainmheon na scoile (c) páistí le riachtanais speisialta (d) ró-éileamh ar áiteanna scoile & critéir lena mbaineann.
- Cur i bhfeidhm na bpolasaithe iontrála (fráma ama, modhanna chun an polasaí a phoiblíú, próiseas cinnteoireachta, próiseas achomhairc.)

Tá sé fíor-thábhachtach go mbeadh cosaint do shainmheon teanga na scoileanna lán-Ghaeilge in aon phróiseas nua a leagfar amach. Tá GAELSCOILEANNA TEO. ag ullmhú aighneachta le moltaí don phróiseas nua a thógfaidh aiseolas na scoileanna lán-Ghaeilge san áireamh.

An Córas Luath-thumoideachais

De réir mar a thuigeann an eagraíocht, is garr go n-eiseofar ciorclán do na gaelscoileanna a shoiléireoidh gur ceadmhach dóibh teagasc an Bhéarla a chur siar go dtí deireadh an cheathrú téarma (Nollaig sna Naíonáin Mhóra) má shocraíonn an Bord Bainistíochta an polasaí sin a chur i bhfeidhm sa scoil.

Cé go n-aithnímid go bhfuil roinnt gaelscoileanna ann a chleachtann agus a chreideann go mór i rath córais tumtha níos faide ná sin, táimid an-sásta leis an dea-thoradh a bhí ar na comhchainteanna agus an t-idirphlé leis an Roinn Oideachais ar an saincheist seo. Gabhaimid buíochas arís le gach páirtí a chabhraigh le réiteach a fháil ar an gcás: An Foras Pátrúnachta, eagrais Gaeilge agus sibhse, na scoileanna ina measc.


Láidreoidh sé seo an córas ó bhonn agus ardófar muinín na scoileanna agus iad ag plé leis an gcigireacht faoi fheidhmiú an chórais.

Conarthaí fostaíochta i nGaeilge

Tá an-áthas ar GAELSCOILEANNA TEO. a fhógairt go bhfuil fáil anois ar chonarthaí fostaíochta samplacha bunaithe ar ábhar an CPSMA ach aistrithe go Gaeilge ag an eagraíocht. Bheadh na conarthaí seo oiriúnach do phríomhoidí agus do Bhoird Bainistíochta atá ag plé le cúrsaí fostaíochta sna scoileanna lán-Ghaeilge.

I measc na bpost a chlúdaítear, tá: **Airíoch Scoile, Cúntóir Riachtanais Speisialta, Glantóir Scoile, Múinteoir, Rúnaí Scoile agus Tionlacáí Bus.**

Tá breis eolais le fáil ar: <http://www.gaelscoileanna.ie/resources/>



Leabhrán ar an aistriú ón naíonra chuig an mbunscoil lán-Ghaeilge



Tá GAELSCOILEANNA TEO. agus Forbairt Naíonraí Teoranta ag comhoibriú lena chéile chun gur féidir leo eolas agus múnlaí dea-chleachtais faoin aistriú mór idir an leibhéal réamhscolaíochta agus an leibhéal bunscolaíochta a dháileadh ar na naíonraí agus na bunscoileanna lán-Ghaeilge. Mar thoradh ar an obair sin, foilsíodh leabhrán, *An Traein*, agus seoladh é ag ócáid i bhForas na Gaeilge ar an 20 Meán Fómhair.

D'fhorbair an Dr. Máire Mhic Mhathúna, léachtóir le hoideachas sa luath-óige in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, an cháipéis seo ar ár son le cabhair ón gcoiste comhairleach. Tógadh tuairimí na scoileanna agus na naíonraí san áireamh tríd na

comhsheimineáir a réachtáil an dá eagraíocht le cúpla bliain anuas.

Is éard atá sa leabhrán ná moltaí agus eolas do scoileanna agus do naíonraí ar conas an t-aistriú ón naíonra chuig an bhunscoil a éascú chun leasa sóisialta, oideachasúla agus teanga na bpáistí. De réir an taighde a rinneadh, is léir go mbíonn tionchar fadtéarmach ag an aistriú seo ar an bpáiste. Chuige sin, táimid ag iarraidh a chinntiú go bhfuil eolas ag scoileanna agus naíonraí maidir leis an dea-chleachtas. Tá sé i gceist ag an dá eagraíocht oibriú le dhá bhunscoil agus le réimse naíonraí an bhliain seo chugainn ar bhonn píolótach le tástáil a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dtuairimí sa leabhrán.

Tá cóip den leabhrán ar fáil ar an suíomh idirlín, www.gael scoileanna.ie, mar aon le páipéar cúrla a thugann tuilleadh eolais. Tá súil againn go spreagfaidh an obair seo comhoibriú agus comhthuiscint idir na scoileanna agus na naíonraí chun leasa na bpáistí sa chóras gael scolaíochta.

Sa ghrianghraf thuas, tá ionadaithe ó Fhorbairt Naíonraí Teoranta agus Gael scoileanna Teo. in éineacht le húdár 'An Traein', Máire Mhic Mhathúna agus Leas-Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge, Seán Ó Coinn, a sheol an leabhrán.

Polasaí Gaeilge Bunscoileanna & Iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge

Mar is eol daoibh, tá athbhreithniú á dhéanamh ar *Ár bPolasaí Gaeilge* faoi láthair agus tá GAELSCOILEANNA TEO. an-bhuíoch dóibh siúd a chomhlíon an suirbhé ina leith a seoladh amach chuig na bunscoileanna tamaillín ó shin. Arís, má tá aon rud a ritheann leat gur fiú a chur leis an gcáipéis, tá fáilte romhat é a sheoladh chuig nora@gael scoileanna.ie roimh 9 Samhain. Tá súil againn go mbeidh an t-eagrán nua ar fáil do na scoileanna roimh dheireadh na scoilbhliana.

Tá sé d'aidhm ag GAELSCOILEANNA TEO. dréacht-pholasaí Gaeilge a fhorbairt do na hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge chomh maith. Díreoidh an Polasaí seo ar roinnt mhaith de na téamaí céanna atá cíortha sa cháipéis *Ár*

bPolasaí Gaeilge, ach i gcomhthéacs na hiar-bhunscolaíochta. Tá súil againn aiscúir a fháil ó na scoileanna féin faoi chlár ábhair a leithéid de pholasaí, polasaí a dhíreoidh ar chur chun cinn na Gaeilge lasmuigh den rang Gaeilge agus sa scoil/ i gcomhphobal na scoile i gcoitinne. Beidh an eagraíocht i dteagmháil leis na hiar-bhunscoileanna go luath le tús a chur leis an bpróiseas seo.

Idir an dá linn, má tá moltaí ar leith ag daoine i leith forbairt pholasaí den chineál seo, is féidir iad a sheoladh chuig an seoladh rphoist thuas. Tá súil againn go gcabhróidh seo leis na hiar-bhunscoileanna na daltaí a spreagadh leis an nGaeilge a úsáid ina measc féin agus i gcomhthéacsanna eile dá saoil.

An Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta

Tá sé i gceist ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ciorclán a eisiúint maidir le dualgais nua a bheidh ar bhunscoileanna (gaelscoileanna san áireamh) a eascraíonn ón *Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta don Fhoghlaim agus don Saol 2011 – 2020*.

Áirítear sna dualgais sin:

- an t-am a chaitear ar fhorbairt scileanna litearthachta, go háirithe i bpríomh-theanga na scoile, a mhéadú faoi uair an chloig in aghaidh na seachtaine (i. go 6.5 u.c do na naíonáin le lá gearr agus go 8.5 u.c. sa tseachtain do pháistí le lá iomlán).
- Tástálacha caighdeánaithe a chur i bhfeidhm don léitheoireacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, mar aon le mata do gach dalta i rang 2, 4 agus 6 ó 2012 ar aghaidh.

Seimineár Oiliúna:

Mar chúnamh praiticiúil do scoileanna ó thaobh scileanna litearthachta an pháiste a fhorbairt sa scoil lán-Ghaeilge, tá GAELSCOILEANNA TEO. ag reáchtáil

seimineár oiliúna dar teideal **Forbairt na Litearthachta sa Chóras Tumoideachais: Treoir Phraiticiúil**.

Beidh sé dírithe ar mhúinteoirí naíonáin, agus múinteoirí suas go rang 2 sna bunscoileanna lán-Ghaeilge go háirithe.

Mura bhfuil tú cláraithe linn don seimineár go fóill, cuir scairt orainn san oifig ar 01-8535195 nó cuir ríomhphost chuig aine@gaelscoileanna.ie

Dáta & Ionad:

24 Deireadh Fómhair 2011
09.15 - 15.30

**Seomra Arbutus,
Institiúid Oideachais
Marino,
Baile Átha Cliath.**

Ceapacháin Nua

Guíonn GAELSCOILEANNA TEO gach rath ar an Dr. Micheál Ó Duibh atá ina Oifigeach Polasaí agus Pleanála ar Bhord Stiúrtha GAELSCOILEANNA TEO. ina phost nua mar phríomhfheidhmeannach le Comhairle na Gaelscolaíochta, eagraíocht a bunaíodh chun an ghaelscolaíocht a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh in Éirinn thuaidh.



Dúirt an Dr. Ó Duibh go raibh sé “ag dúil go mór leis na dúshláin atá roimhe ina phost nua ach gur spreagadh maith é gur thosaigh sé amach ina phost le dea-scéala sa mhéid is gur éirigh le Gaelscoil Aodha Rua, i nDún Geanainn Co. Thír Eoghain agus le Gaelscoil Léim an Mhadaidh i Léim an Mhadaidh, Co. Dhroichead Átha agus le Gaelscoil Oideachais agus gur osclaíodh soláthar nua

iar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge in Ardscoil Naomh Maolmhádóg, i gCaisleán Uidhílin, Co an Dúin le haitheantas RO fosta”.

Foras na Gaeilge:

Is mian linn an deis a thapú comhghárdeas mór a dhéanamh le Seán Ó Coinn, Leas-Phríomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais i bhForas na Gaeilge. Beimid ag súil go mór le comhoibriú leanúnach leis ina ról nua agus guímid gach rath air don todhchaí.

Scoileanna Lán-Ghaeilge:


Is mian linn gach rath a ghuí ar phríomhoidí nua sna scoileanna lán-Ghaeilge. Tá súil againn comhoibriú libh sna blianta amach romhainn agus gach tacaíocht na heagraíochta a chur ar fáil daoibh.

Tá fáilte glaoch orainn ar 01-8535195 nó rphost a chur chuig oifig@gaelscoileanna.ie ag am ar bith.


Aois 3-7



Aois 4-7




Aois 4-7



Eagrán Nua le DVD



Aois 6-8



Aois 7-9



Aois 9-11




Aois 10-14



Aois 10-13



Aois 10-12



Ar fáil ó MÓINÍN Lúide 10% do scoileanna - P&P saor

<i>An Phleist Mhór</i> (le CD)	Praghas €13.95	ISBN 978-0-9554079-8-7
<i>Fungie & Mara</i>	Praghas €12.00	ISBN 978-0-9564926-3-0
<i>Fungie</i> (le DVD)	Praghas €12.95	ISBN 978-0-9564926-5-4
<i>Ruball Trioball</i>	Praghas €8.00	ISBN 978-0-9564926-0-9
<i>Eachtraí Uchtaigh</i>	Praghas €8.00	ISBN 978-0-9554079-9-4
<i>Is Mise do Chara</i>	Praghas €8.00	ISBN 978-0-9564926-4-7
<i>Na Clocha Síneacha</i> (le CD)	Praghas €10.00	ISBN 978-0-9554079-7-0
<i>Osama, Obama, Ó, a Mhama!</i>	Praghas €8.50	ISBN 978-0-9564926-2-3
<i>Bolgchaint agus scéalta eile</i>	Praghas €8.00	ISBN 978-0-9554079-4-9

Loch Reasca, Baile Uí Bheacháin, Co. an Chláir Fón/Facs: 065 7077256

Ríomhphost: moinin@eircom.net www.moinin.ie

Gaelscoil nua oscailte, agus tuilleadh ar na bacáin! (ar lean)

Iar-bhunscoileanna Nua

Tá cúis ceiliúrtha ag pobal na gaeilscolaíochta ag an iar-bhunleibhéal chomh maith, agus fáiltíonn GAELSCOILEANNA TEO. go mór roimh ráiteas na Roinne Oideachais go mbeidh ar a laghad trí Ghaelcholáiste nua i measc an 14 iar-bhunscoil nua a osclófar as seo go ceann trí bliana. Dheimhnigh an Roinn gur scoileanna lán-Ghaeilge a bheidh sna hiar-bhunscoileanna nua i nDún Droma, Baile Brigín agus Carraig Uí Leighin, ach nach bhfuil pátrúin na scoileanna socraithe go fóill. Bhí na pobail áitiúla i mbun dianfheachtais le blianta fada le hiar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge a éileamh dá bpáistí agus tá áthas agus faoiseamh mór orainn go bhfuil aitheantas tugtha ag an Roinn Oideachais don éileamh sin.

Cé go bhfuil dóchas ann don soláthar gaeilscolaíochta leis an trí ghaelcholáiste nua fógartha, tá inní anois nach dtabharfaí

aitheantas don éileamh ar ghaelcholáistí i Maigh Nuad agus i nDroichead Átha, dhá cheantar atá aitheanta ag an Roinn do sholáthar úr don bhliain 2014. Tá GAELSCOILEANNA TEO. ag iarraidh ar an Roinn na feachtais seo a thabhairt san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu ar shainmheon teanga agus ar phátrúnacht na scoileanna nua seo.

Anuas ar na ceantair luaite san alt thíos, tá feachtais eile timpeall na tíre le gaelcholáistí a bhunú i gceantair nach bhfuil aitheanta ag an Roinn mar cheantair fáis, ach nach bhfuil iar-bhunscolaíocht trí mheán na Gaeilge ar fáil iontu. Is gá don Roinn aitheantas a thabhairt don éileamh seo chomh maith, agus tá GAELSCOILEANNA TEO. ag plé leis an Roinn agus leis na pobail áitiúla le teacht ar bhealaí le cinntiú go mbeidh rochtain ag gach páiste gur mian leo é ar an ngaelscolaíocht.

Scoileanna nua 2012-2014

Tá sé fógartha ag an Roinn Oideachais agus Scoileanna go mbeidh scoileanna nua le bunú sna ceantair thíos as seo go 2014. Níl pátrúnacht, sainmheon creidimh nó sainmheon teanga na scoileanna nua seo cinntithe go fóill. Tá tuilleadh eolais maidir leis na feachtais atá ar bun sna ceantair éagsúla le fáil ón Oifigeach Forbartha, Clare Spáinneach (cspainneach@gaelscoileanna.ie nó 01 8535193).

Scoileanna nua ag an mbunleibhéal:

- Baile an tSaoir, BÁC (2012)
- An Chéim, BÁC (2012 agus 2013)
- Baile Uí Fhoirtcheirn, BÁC (2012)
- Baile Chill Dara, Cill Dara (2012)
- Teach na Giúise/An Seanbhábhún, BÁC (2013)
- Iarthar Tamhlacht/Citywest, BÁC (2013)
- Mala, Corcaigh (2013)
- Gleann Maghair, Corcaigh (2013)
- Dúglas, Corcaigh (2013)
- Baile an Chairpintéaraigh, BÁC (2013)
- Leamhcán Theas, BÁC (2013)
- Cnoc na Cathrach, Gaillimh (2013)

Osclófar gaeilscoil nua ilchreidmheach faoi phátrúnacht an Fhorais Pátrúnachta i Mullach Eadrad, Baile Átha Cliath i 2012.

Scoileanna nua ag an iar-bhunleibhéal:

- Lusca, BÁC (2013)
- Baile Chláir, Gaillimh (2013)
- Nás, Cill Dara (2013)
- An Uaimh, Mí (2013)
- Baile Bhlaínséir Thiar, BÁC (2014)
- Mullach Eadrad, BÁC (2014)
- Maigh Nuad, Cill Dara (2014)
- Droichead Átha, Lú (2014)
- Dún Dealgan, Lú (2014)
- Cill Dhéagláin, Mí (2014)
- Na Clocha Liatha, Cill Mhantáin (2014)

Tá na scoileanna thíos aitheanta cheana féin mar ghaelcholáistí, cé nach bhfuil pátrúin na scoileanna cinntithe go fóill:

- Baile Brigín, BÁC/Lú (2014)
- Dún Droma, BÁC Theas (2014)
- Carraig Uí Leighin, Corcaigh (2014)

Scléip 2012



Tástáil... tástáil... a haon, dó, trí...

"An seó is fearr ar stáitse!"

a déarfadh Síomóin Ó Cearbhuill murach go bhfuil sé chomh gnóthach sin leis an X Factor. Is cinnte go mbíonn scoth na tallainne linn gach bliain do *Scléip* - comórtas tallainne spreagúil agus

spraíúil atá dírithe go sonrach ar na hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge.

I mbliana, ba mhaith linn an comórtas a fhorbairt agus béim níos mó ná riamh a chur ar chruthaitheacht agus cumadóireacht na rannpháirtithe. Cuirfear béim ar leith i gcomórtas 2012 ar na healaíon nua-aimseartha - ba mhaith linn dúshlán a chur roimh na ndaltaí agus deis a thabhairt dóibh ceol, amhráin, cóiréagrafaíocht agus drámaíocht nuachumtha a chur ar stáitse os comhair lucht féachana agus moltóirí proifisiúnta, in amharclanna ó

cheann ceann na tíre. Fógrófar dátaí na réamhbhabhtaí ar www.gaelscoileanna.ie go luath.

Tá an comórtas roinnte i 6 rannóg éagsúla, le duais sóisir agus sinsir le bronnadh i ngach rannóg agus Gradam *Scléip* don duine nó don ghrúpa is fearr san iomlán. Beidh deis ag cách dul san iomaíocht sna babhtaí réigiúnacha i ngach cúige agus roghnófar an tallann is fearr le dul ar aghaidh chuig an craobh ceannais. Tionólfar na babhtaí réigiúnacha i mí Eanáir agus Feabhra agus reáchtálfar an craobh ceannais i mí Márta.

Is é an dáta deiridh d'iarratais i mbliana ná an **16 Nollaig, 2011**. Tá foirmeacha iarratais agus rialacha an chomórtais le fáil ar www.gaelscoileanna.ie. Bígí cinnte agus na rialacha a léamh go mion mar tá rannóga agus rialacha an chomórtais athraithe i mbliana, ach má tá aon cheist ina leith nó aon amhras ort faoin rannóg is feiliúnaí duit, tá gach fáilte romhat teagmháil a dhéanamh le Clare Spáinneach ar 01 8535193 nó cspainneach@gaelscoileanna.ie.

Dátaí don Dialann


Comhdháil Oideachais
Eagraíocht na Scoileanna
Gaeltachta Teo.

14 Deireadh Fómhair 2011

Seimineár oiliúna '*Forbairt na
Lítearthachta sa Chóras
Tumoideachais*'

24 Deireadh Fómhair 2011

Comhdháil Bhliantúil
GAELSCOILEANNA TEO.
25 & 26 Samhain 2011



Cur chun cinn na Gaeilge agus na gaelscolaíochta i gCo. Uíbh Fhailí



tuigeannt sí na dúshláin a bhaineann le naíonra agus Gaelscoil a bhunú mar bhí sí mar dhuine de na chéad daltaí a d'fhreastail ar Ghaelscoil Uí Cheithearnaigh nuair a tosaíodh an scoil i 1990. Ba bhreá linn Gaelscoil a oscailt i mBiorra ach, faraor, níl sé ró-éasca é sin a bhaint amach sa lá atá inniu ann.

Ar an ábhar sin, táimid ag féachaint ar shlite eile leis an ngaelscolaíocht a sholáthar mar rogha ag na páistí inár gceantar: reáchtálar dhá Champa Samhraidh i mí Iúil agus bhain gach duine an-taitneamh astu. Chuamar ar thuras báid ar an Sionainn agus d'imríomar gailf i bPort Omna. Ní hamháin sin, d'fhoghlaim na páistí cúpla rince agus amhrán; an Rince Mór agus lonsaí na hInse.

Táimid ag súil go mbeadh suim mhór ag muintir Bhiorra sa Ghaeilge anois go bhfuil Biorra le Gaeilge ar an bhfód!

- Ait le Stella Ní Mháille, Biorra le Gaeilge

Bunaíodh Biorra le Gaeilge i mí na Nollag 2010 agus tá sé mar aidhm againn An Ghaeilge a chothú i mBiorra, Co. Uíbh Fhailí agus sa cheantar máguaird. D'oscail an naíonra 'Nóiníní Beaga' i mí Mheán Fómhair agus tá múinteoir álainn, Éilís Ní hArtagáin mar stiúthóir air. Is as Béal Átha na Slua í Éilís agus




Forbairt Naíonraí Teoranta

www.naionrai.ie

I measc raon leathan áiseanna atá ar fáil ó FNT, tá dhá leabhrán nua-fhoilsithe i mblíana:

An Traein: Eolas agus moltaí faoin aistriú ón Naíonra go dtí an bhunscoil



Foilsíodh *An Traein*, mar thoradh ar thaighde, curtha i gcrích ag an Dr. Máire Mhic Mhathúna, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Tugann *An Traein* moltaí agus eolas do mhúinteoirí agus do stiúthóirí naíonraí.

BunGhaeilge do Thuismitheoirí agus Feighlithe Leanai



Ath-chló agus uasdhatú ar leabhar frásaí Gaeilge. Tá CD a ghabhann leis an leabhar ar fáil i do rogha canúna: Ulaidh, Connachta, Mumhain agus canúint chaidheánach.

Praghas: SAOR IN AISCE

Praghas: €10

Maoinithe ag:



Scoil Neasáin ar thuras scoile chuig an Iorua



liomsa agus le triúr daltaí eile (Hannah de Brún, David Ó Riain agus Fiachra Potts) nuair a bhuamar crannchur a thug deis dúinn taisteal chuig Inderoy san Iorua. Chuamar ann ar feadh ceithre lá chun rinceí Gaelacha a mhúineadh do dhaltaí *Utoy Skole*, an t-aon scoil sa sráidbhaile Inderoy.

Bhuail an ceathrar againn (in éineacht le Múinteoirí Tara, Orflaith, Aisling, Jennifer agus Deirble) ag an aerfort ag a hocht a chlog ar maidin, fós leath in ár gcodladh, ach ar bís i ndáiríre! D'eitliomar ar eitleán ó Bhaile Átha Cliath go dtí an Danmhairg, agus uaidh sin go hOsló, príomhchathair na hIorua. Thiomáin fear muid go dtí Inderoy.

Ghlac Scoil Neasáin, Baile Hearnain, páirt i dtionscnamh Comenius, darbh ainm '*What's your move*' bunaithe ar dhamhsa ó thíortha éagsúla san Eoraip. Mar chuid den scéim seo, tugadh deis don scoil cuairt a thabhairt ar scoileanna i Sasana agus san Iorua ar páirtneirí iad. Seo a leanas alt a scríobh Helen de Búrca, dalta as Rang 5.

Is mise Helen de Búrca, duine de na daltaí ó Rang a 5 i Scoil Neasáin a chuaigh ar thuras scoile go hInderoy san Iorua. Bhí an t-ádh

D'fhanamar i dteach mór adhmaid, agus chuamar ar scoil sa scoil bheag áitiúil i sráidbhaile Inderoy leis na daltaí áitiúla. Bhí thart ar ochtó daltaí sa scoil: trí uair níos lú ná Scoil Neasáin!

D'fhoghlaimíomar rince traidisiúnta, conas sciáil, cluichí nua agus a lán rudaí eile. Ar an lá deireanach, bhí tine chnámh againn, deireadh iontach le turas iontach amach is amach.

Lá Glas ag Gaelscoil Naomh Pádraig, Leamhcán

Bhí lá fíor-speisialta ag Gaelscoil Naomh Pádraig, Leamhcán ar an 17 Meitheamh 2011. *Lá Glas* a bhí ann leis an mana *Gluaisfimid linn ar scoil*. D'úsáid 99% de na páistí scoile modhanna glasa le teacht ar scoil an mhaidin sin. Eagraíodh mórshiúl mórthimpeall na scoile. Bhí gach múinteoir páirteach agus shiúl grúpa mór tuismitheoirí chomh maith.



Bionn *Lá Glas* ag an scoil gach Máirt anois agus is breá leis na páistí é. Tá an scoil thar a bheith sásta leis an iarracht atá á déanamh ag gach duine. De bharr na hiarrachta seo, níl aon bhrú tráchta lasmuigh den scoil anois ar maidin.

Tá an scoil ag obair i dtreo an cheathrú Brat Glas faoi láthair. Gaelscoil Naomh Pádraig Abú!



Daltaí Ghaelscoil Uí Drisceoil
sona sásta athlonnú go
foirgneamh nua (grianghraf ar
lch 11).



Bhí bliain spóirt iontach ag foirne na mbuachaillí agus na gcailíní, Gaelscoil an Inbhir Mhóir






Foirgneamh nua Ghaelscoil Uí Drisceoil a d'fheidhmigh mar óstán an IBIS go dtí le déanaí. Tá sé go hiomlán ath-chóirithe agus cuimsíonn an scoil nua 16 seomra ranga, 4 seomra acmhainne, cistin cócaireachta, seomra ríomhaireachta, leabharlann oscailte agus halla tionóil ollmhór.



Ceann de bhuaiteoirí comórtas ealaíona Texaco - Jill O' Driscoll, Gaeilscoil Eoghain Uí Thuairisc le 'Lost Kitty'.



Ceann de bhuaiteoirí comórtas ealaíona Texaco - Austin Grehan, Scoil Bhríde le 'Hurt'.



Ceann de bhuaiteoirí comórtas ealaíona Texaco - Olivia Curé, Gaeilscoil de hÍde, Gaillimh le 'Rosie Whiskers'.



Ceann de bhuaiteoirí comórtas ealaíona Texaco - Julie Allen, Coláiste an Phiarsaigh le 'Saol Sásúil'.

Scéalta ó Choláiste Daibhéid

Comhghairdeachas le Éanna Ó Corragáin a ghnóthaigh 600 pointe san Ardteist. Tá leigheas á staidéar aige in Ollscoil Chorcaí anois.



Eachtraí na hIdirbhliana

Bhí bliain den scoth ag rang na hidirbhliana anuraidh agus rinne siad an-chuid rudaí spéisiúla. Chuaigh an rang ar thuras lae go dtí an Ionad Eachtraíochta *Star Outdoors*, atá lonnaithe i Neidín, Co Chiarraí. Rinne siad cuid mhaith oibre ar shábháilteacht, ag tabhairt faoi chúrsaí MABS, sábháilteacht ar na bóithre agus sábháilteacht san ionad oibre. Mar chuid den mhodúl faoi shábháilteacht ar na bóithre, chuaigh an rang go dtí an Tóstán Rochestown Park, áit a raibh taispeántas ar siúl ag na Gardaí Síochána.




Déanann an tAire Dinny McGinley bronnadh ar roinnt de na haisteoirí. Ina measc tá Holly Lingwood, Grace Ní Drisceoil, Aoife Ní Bhroin, Niamh Wedel, Lauren Ní Chuilleanáin & an Príomhoide, Máistir Ó Laighin.

Bhuaigh siad Craobhchomórtas Drámaíochta na hÉireann leis an dráma *Lá i ndiaidh an lae*, a bhí stiúrtha agus scríofa ag an bPríomhoide, Máistir Ó Laighin. Comhghairdeas libh go léir! Anuas air seo, bhuail an rang leis an údar, Ré O Laighléis chomh maith le hionadaithe ó eagraíochtaí carthanachta éagsúla (Noreen Dyson ó *Share*, mar shampla). Buaicphointe eile ná an turas thar oíche go Cóbh chun na tascanna a ghabhann le *Gaisce* a chomhlíonadh.



Daltaí sona sásta leis na torthaí sa Teastas Sóisearach.

An Nollaig sa Naigín



ISBN: 978-0-9554079-0-1
Praghas €12.50

Osama, Obama, Ó, a Mhama!




ISBN: 978-0-9564926-2-3
Aois 10 - 14 Praghas €8.50

Bolgchaint & scéalta eile




ISBN: 978-0-9554079-4-9
Aois 10 - 14 Praghas €8.00

Hooked




ISBN: 978-0-9554079-3-2
Aois 15 - 18 Praghas €12.50

Ecstasy & other stories



ISBN: 0-9532777-9-8
Aois 13 - 16 Praghas €10.00



Goimh & scéalta eile



ISBN: 0-95532777-4-7
Aois 15 - 18 Praghas €10.00

Gafa



ISBN: 0-9532777-5-5
Aois 15 - 18 €10.00

Fáinne Fí Fí



ISBN: 978-0-9554079-5-6
Aois 14 - 18 Praghas €9.00

Ar fáil ó MÓINÍN - Lúide 10% do scoileanna - P&P saor

MÓINÍN, Loch Reasca, Baile Uí Bheacháin, Co. an Chláir. Fón/Facs: 065 7077256
moinin@eircom.net www.moinin.ie

Aithníonn MÓINÍN tacaíocht Fhoras na Gaeilge



Fóras na Gaeilge

Clubanna Óige Chumann na bhFiann

Eagraíonn Cumann na bhFiann clubanna óige go seachtanúil ar fud na tíre, a thugann deis do dhaltaí a gcuid Gaeilge labhartha a chleachtadh agus a fhorbairt.

Is iad na buntáistí a bhaineann leis seo ná go mbíonn an teanga in úsáid i measc na ndaltaí a réachtálann réimse leathan d'imeachtaí, agus dá réir, tá tuiscint níos fearr acu ar thábhacht na teanga mar chomhartha féiniúlachta.

Chomh maith leis an gclub óige, eagraíonn Cumann na bhFiann go leor imeachtaí bliantúla náisiúnta, ar nós ceolchoirmeacha,

dioscó, deireadh seachtainí as baile, srl. Tá tuilleadh eolais ar na himeachtaí seo ar fáil sa Chumann.



Tá liosta de na Clubanna ar fad atá ar siúl i mbliana ar fáil ar an suíomh idirlín. Mura bhfuil Cumann in aice leat, nó má tá ceist ar bith agat faoin seirbhís, ní gá ach teagmháil a dhéanamh le Traic Ó Braonáin ag traic@cnb.ie, nó 087 6993439. Breis eolais ar fáil ar <http://www.colaistenabhfiann.ie/>



Cuariteanna saor in aisce ar Ard-Eaglais Phádraig

Tá cuairteanna le treoraithe Gaeilge á sholáthar saor in aisce do scoileanna ag Ard-Eaglais Phádraig, Baile Átha Cliath.

Le haghaidh breis eolais, ní gá ach teagmháil a dhéanamh le:

Andrew Smith ar 01-4539472 nó

education@stpatrickscathedral.ie

Míreanna ó scoileanna ag teastáil ó Raidió na Gaeltachta

Ba mhaith le RTÉ Raidió na Gaeltachta i mBaile Átha Cliath nasc a dhéanamh le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge i gCúige Laighean le seans a thabhairt do phobail na scoileanna éagsúla míreanna agus tuairiscí a chur ar fáil go rialta ar an gclár *Glór Anoir* a chraoltar ó Luan go hAoine ó 17.05-17.45.

Bheadh fáilte roimh nuacht a bhaineann le haon ghné den saol scoile: cúrsaí spóirt, rince, ceoil nó drámaíochta; scéalta faoi fhoirgnimh atá i ndroch-chaoi nó cinn nua-thógtha; comórtais dhíospóireachta agus turais scoile lae nó thar lear; rud ar bith gur fiú libh go gcloisfeadh lucht éisteachta Raidió na Gaeltachta ina dtaobh.

Déanfaimid gach iarracht teacht chomh fada libh agus cluas éisteachta a thabhairt do na scéalta agaibh. Tapaigí an deis seo le hainm na scoile a chur os comhair an tslua!

Bí i dteagmháil linn ar:

bac@rte.ie nó

01-208 2275 / 087-3294 144



An Cúraclam OSIE le roinnt beag “Fuinnimh”

Pleananna spreagúla ceachta in éineacht le * trealamh saor in aisce, sin iad na rudaí atá ag SEAI i gcomhpháirtíocht le COGG, chun rud beag “fuinnimh” a chur isteach sa seomra ranga. Níl le déanamh agat ach logáil isteach ar www.seai.ie/schools nó ar www.cogg.ie áit ar féidir leat na pleananna ceachta a íoslódáil. Cabhróidh na pleananna seo leat topaic fuinnimh a mhúineadh ar bhealach spráifil idirghníomhach. Foghlaiméoidh do dhaltai faoi fhuinneamh bia, faoi bháisteach aigéid, faoi insliú agus faoi fhuinneamh in-athnuaite ar bhealach praiticiúil suimiúil.

Le tuilleadh eolais a fháil téigh chuig www.seai.ie/schools nó glaigh ar (01) 808 2049.

* tá teorainn leis an trealamh saor atá ar fáil. Téigh ar líne agus ordaigh anois é!

seai

ÚDARÁS FUINNIMH
INIMHAIRTHANA
NA hÉIREANN

An tUdarás an tOideach
Cathartha & Eorpach



Bí Clúdaithe, Bí Te

príomhréachtáireacht, ná clúdaithe iad na leor
eile, na scoláirí agus na leor eile
arís an t-ádh eile, na leor eile agus
eile agus eile.



Maidir leis an gcuraclam nua:
Sraith - Fomhaire agus Fóraí
Sraith - Teas
Fóirneir eileamh:
Tuar, mairiú, lúcháir, tóim, tairfeadh
agus aile
Eileamh comhtháthaithe:
OSIE: Eileamh agus Tairfeadh
Fóirneir agus Fóraí
Mairiú: Sraith - Sraith a léirí agus
aileamh, e.g. Sraith aileamh,
tairfeadh



Breacadh


Iris lándaite, de na scéalta nuachta is deireanaí, i nGaeilge nádúrtha na Gaeltachta.

3 eagrán ar fáil in aghaidh na bliana.

Tuilleadh eolais ó Dúrud 01 487 7607 nó breacadh@durud.ie

Suíomh idirlín nua do pháistí le deacrachtaí cainte agus foghlama

Seoladh suíomh nua idirlín an tseachtain seo dírithe ar thuismitheoirí a bhfuil deacrachtaí cainte agus foghlama ag páistí acu, go háirithe an siondróm Lagú Saintréitheach Cainte agus Teanga (*Specific Speech and Language Impairment*, no SSLI). Mar thuismitheoir le páiste le SSLI, bhraith Nuala O'Callaghan an tábhacht le comhphobal fíorúil tacaíochta do chlanna, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí ag plé leis an siondróm.



Ar an suíomh www.ssli.ie, faightear eolas faoin siondróm SSLI féin mar aon le teiripe shaothair, próisis mheasúnaithe agus ranganna teanga. Tá seomra seanchais ar an


suíomh a thugann deis do thuismitheoirí a gcuid eispéiris a roinnt le saineolaithe agus le tuismitheoirí eile.

Fáilte go Ampville!

Is féidir le cuairteoirí chuig an domhan iontach faoi thalamh seo foghlaim faoi rúin shábháilteachta leictreachais na *Amplings* agus faoi cónaí, obair agus spraoi ar bhonn sábháilte timpeallaithe ag leictreachas.

Cuimsíonn ESB Ampville cluichí, quizeanna, ceachtanna agus naisc chuig láithreáin ghréasáin oideachais spéisiúla. Tá siad seo oiriúnach do mhúinteoirí, daltaí nó duine ar bith ar spéis leo níos mó a foghlaim faoi shábháilteacht leictreachais.


Tá fáil ar ESB Ampville as Gaeilge agus as Béarla ar www.esb.ie/Ampville/



'Cnuasach Clíséanna'

Cnuasach Clíséanna, ciútaí cainte agus frásaí coitianta eile, le Seán Mac Cionnaith

Ar fáil do scoileanna ón 21 Deireadh Fómhair 2011



- Dátheangach;
- Breis agus 11,000 clísé agus ciútaí cainte eile;
- Cuimhneacháin leaca reilige;
- Abairtí comparáideacha;
- Paidreacha buíochais agus achainí;
- Dea-bheannachtaí, droch-bheannachtaí & mallachtaí;
- Seanfhocail choitianta;
- Abairtíní úsáideacha eile;
- Innéacs cuimsitheach iltagartha.

Breis eolais:

Guthán: 028 7135 9648

Ríomhphost: smaccionnaith989@gaeloid.doire.ni.sch.uk

Leabhair Nua Futa Fata

Tá ceithre leabhar nua ag Futa Fata a bhaineann le cúrsaí nádúir sa sraith **Tá mé ag fáis** ina bhfuil leabhair faoi ainmhithe feirme, puísín, coileán agus coinín. Leabhar neamhfhicsean eile ná **Leabhar Mór an Cheoil**, cur síos cuimsitheach ar scéal an cheoil ar fud na cruinne, ó thús ama go dtí an lá inniu.

Tá trí cinn de phictiúrleabhair nua darb ainm **An Coileach Codlatach**, **Binj-Madra ar Strae** agus **Cáca don Rí** againn chomh maith. Anuas ar seo, beimid ag seoladh trí leabhar nua atá dírithe ar na naonáin as an sraith **Baba agus Jeaic** atá tagtha chugainn ó Clavis Books sa Bheilg agus a bhfuil tóir air ar fud na cruinne.



Acmhainní d'Oícheanta Eolais

Glaigh ar an oifig ar 01-8535195 nó seol ríomhphost chuig aine@gaelischoileanna.ie má tá na hacmhainní thíos de dhíth:

- Bileoga tumoideachais Gaeilge / Béarla don bhunleibhéal
- Bileoga Gaeilge / Béarla don iar-bhunleibhéal
- Bileoga tumoideachais Gaeilge / Rómáinis, Fraincis, Portaingéilis, Polainnis agus Rúisis don bhunleibhéal.
- Pacáistí eolais Gaeilge / Béarla le DVD
- Ár bPolasaí Gaeilge

Cúrsaí Inseirbhíse i gColáiste Phádraig

Fónaí na Gaeilge

Beidh cúrsa dhá lá ar Fhónaí na Gaeilge i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, ar an Satharn 19 Samhain agus ar an Satharn 3 Nollaig (10.00am-2.45pm). 'Sí Jacai de Brún, atá ag obair mar chomhairleoir oideachais san Áisaonad, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste, a thabharfaidh an cúrsa. Díreoidh an cúrsa ar an gcaoi le fuaimneanna na Gaeilge a mhúineadh i mbealach struchtúrtha, leanúnach i gcomhthéacs na céille agus na léitheoireachta, rud a a thacaíonn le foghlaiméoirí a scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta sa Ghaeilge a fhorbairt.

Is féidir a thuilleadh eolais a fháil faoi na cúrsaí seo ó:

- Pádraig Ó Duibhir
padraig.oduibhir@spd.dcu.ie
(01-884 2074)
- Máire Ní Bhaoill
maire.nibhaoill@spd.dcu.ie
(01-884 2059)
- Lorraine Ní Gháirbhith
lorraine.nighairbhith@spd.dcu.ie
(01-884 2344)

Máistreacht san Oideachas

Tá sé i gceist ag Coláiste Phádraig rogha nua ar an gcúrsa máistreachta a thairiscint i 2012 dar teideal *Foghlaim agus Teagasc Teanga*. Beidh an cúrsa ag plé leis na hábhair seo a leanas: an tumoideachas, an dátheangachas, sealbhú teanga, teagasc teanga, cleachtais ranga agus scoile. Beidh an cúrsa dírithe ar mhúinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge nó Gaeltachta go háirithe agus ar mhúinteoirí i scoileanna eile a bhfuil suim acu i múineadh na Gaeilge mar dhara teanga.



- Alt scríofa ag Pádraig Ó Duibhir

Míreanna Mearaí as Gaeilge

Is comhlacht nua muid darb ainm Vivid Stories a dhearann agus a dhéanann míreanna mearaí oideachasúla atá oiriúnach do scoileanna. Tháinig ár gcuid táirgí ar an margadh coicís ó shin agus tá aischothú thar a bheith dearfach faighte againn fúthu.



I measc na dtáirgí atá ar díol againn faoi láthair, tá 6 míreanna mearaí le 12 nó 30 píosa a chlúdaíonn téamaí ilghnéitheacha: an fheirm, na huimhreacha, na dathanna, an seomra ranga, na baill éadaí & an fharraige.

Tá cur síos Gaeilge déanta ar na bun-eilimintí sna míreanna mearaí go léir agus tá gach ceann acu deartha ag múinteoirí agus curtha in oiriúint don churaclam. Tá na míreanna mearaí seo go léir déanta as adhmaid agus tá an réimse táirgí ar díol ar-líne ach clíceáil ar www.vividstories.ie.

Ceartha Teanga



Tá acmhainn oideachais nua ar chearta teanga seolta ag Oifig an Choimisinéara Teanga chuig gach iarbhunscóil sa tír. Is le cabhair maoinithe ó COGG a cuireadh an áis ar fáil. Beidh an t-ábhar seo á chur ar fáil lena úsáid mar chuid den chúrsa san Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) sa Teastas Sóisearach, ionas go gcuirfear le tuiscint na ndaltaí ar chearta teanga.

Sraith d'ocht gcinn de cheachtanna scoile chomh maith le rogha de chúig cinn de thionscadail ghníomhaíochta a bheidh i gceist. Tá an 'pacáiste gníomhaíochta foghlama' seo, le leabhar don mhúinteoir, póstaer, CD Rom, DVD de ghearrthóga físe & acmhainní go hiomlán dátheangach. Tá sé ar fáil ar líne ag www.coimisineir.ie.



DLúthdhiosca Ghaelscoil Adhamhnáin

Tá Gaelscoil Adhamhnáin i Leitir Ceanainn ag ceiliúradh 20 bliain a bunaithe i mbliana. Is iontach an fás agus an fhorbairt atá tagtha ar an scoil ón bhliain 1991 nuair a bunaíodh í le seisear dalta is fiche agus múinteoir amháin, agus í lonnaithe i seomraí réamhdhéanta i gcarrchlós Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall. Ó 2000, tá an 409 dalta agus an fhoireann lonnaithe i scoil nua-aimseartha i nGleann Cearra agus muid ag fanacht go foighneach leis an obair tógála tosú ar an méadú atá ceadaithe.

Rinneadh taifeadadh ar dhlúthdhiosca i mí an Mheithimh 2011, ní hamháin mar pháirt de cheiliúradh 20 bliain na scoile, ach mar cheiliúradh ar an traidisiún láidir ceoil agus

saibheas teanga atá a chothú againn anseo i nGaelscoil Adhamhnáin. Ghlac daltaí na scoile, iar-scoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí agus gaoilta de dhaltaí na scoile páirt sa tionscadal seo. Is ábhar bróid agus mórtais dúinn é a chur i bhur láthair.



Spriocdhátaí Tábhachtacha don Chomhdháil Bhliantúil



**Foirm Ainmniúcháin & Rúin
14 Deireadh Fómhair**

**Foirm Réamhchláraithe
11 Samhain**

Oifig Nua

Tá An Foras Pátrúnachta bogtha ó Institiúid Oideachais Marino go campas gnó i Maigh Nuad le déanaí.

Seoladh nua:
An Foras Pátrúnachta,
Bloc K3,
Campas Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad,
Co. Chill Dara



Tá teacht ar an oifig ar an uimhir seo a leanas: agus na seoltaí ríomhphoist seo a leanas:

Guthán:
Caoimhín Ó hEaghra:
Siobhán Seoighe:
Suíomh:

(01) 6294 110
caoimhin@foras.ie
siobhan@foras.ie
<http://www.foras.ie/>

Clár Imeachtaí Gael Linn 2011 / 2012

Don bhunleibhéal:

- **Coirm Gael Linn:** Sraith d'fhéilte na n-ealaíon a thugann deis do dhaltaí a gcuid tallanna a léiriú i seónna scoile.

08.02.12: Mainistir Fhear Maí, Co.

Chorcaí

09.02.12: Ros Mhic Thriúin, Co. Loch

Garman

22.02.12: Trá Lí, Co. Chiarraí

23.02.12: Leitir Ceanainn, Co. Dhún na

nGall

01.03.12: Gaillimh

07.03.12: An Mhuileann gCearr, Co. na hIarmhí & Ard Mhacha

08.03.12: Sligeach

15.03.12: Fionnradharc, Baile Átha Cliath

- **Siansa Gael Linn:** Comórtas agus ceardlanna ceoil do cheoltóirí óga (12-19). Craobh na hÉireann sa Cheoláras Náisiúnta 29 Aibreán 2012; Duaischiste €4,500.
- **Comórtas Clár Raidió Gael Linn:** Fáilte roimh dhaltaí ar bith, idirbhliain go háirithe.
- **Cúrsaí Cumarsáide don Idirbhliain (i mBÁC amháin):** Cúrsaí a mhíníonn bunscoileanna na meán do dhaltaí na hidirbhliana.
- **Foilseacháin:** Céim, Dréimire, Staighre. Réimse leathan téacsleabhar don Ardeistiméireacht & don Teastas Sóisearach.

Don iar-bhunleibhéal:

- **Comórtas Díospóireachta Uí Chadhain:** Comórtas díospóireachta na n-iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge **ag tosú 17 Deireadh Fómhair 2011.**
- **Abair:** Comórtas caint phoiblí d'iar-bhunscoileanna Chúige Uladh.

Do thuismitheoirí:

- **Bewley's @ 61: ócáidí shiamsaíochta mhíosúla:** Deis ag pobal na Gaeilge teacht le chéile le sult a bhaint as ceol agus amhránaíocht ó oirfidigh den scoth!
- **Deireadh seachtaine Gaeilge agus cultúr i nGaeltacht Ráth Chairn: 14-16 Deireadh Fómhair 2011.** Ceol agus craic le muintir na háite. Costas €180 an duine.



Comhghárdeas le foireann Scoil lognáid, Gaillimh (ar chlé) a bhuaigh Féile Peile Connachta 2011 agus le foireann Gaelscoil Aogáin, Oileán Chiarraí (thíos) a thug Corn Gael Linn leo ag Féile Peile na Mumhan.

Gael Linn,
35 Sráid an Dáma, BÁC 2.
T 01/6751200 F 01/6704180
R eolas@gael-linn.ie
Suíomh Idirlíon: www.gael-linn.ie
nó Facebook



Gael Linn



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Seo é do sheans

Tá réimse leathan cúrsaí fochéime agus iarchéime á dtairiscint ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.



Chun breis eolais a fháil, déan teagmháil le:

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ Gaillimh, Co. na Gaillimhe.

Teileafón: 091 595101 / Facs: 091 595041

Ríomhphost: caroline.ni@nui-galway.ie | [Idirlíon: www.acadamh.ie](http://www.acadamh.ie)